# AN tAONTAS EORPACH

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2011**
**(OR. en)**

**2010/0255 (COD)** **PE-CONS 9/11**

**PECHE 63**
**CODEC 338**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú trí bhearta teicniúla chun óg-orgánaigh mhuirí a chosaint agus Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 ón gComhairle lena mbunaítear bearta teicniúla idirthréimhseacha ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011 |

**RIALACHÁN (AE) UIMH. .../2011**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle**
**maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú trí bhearta teicniúla**
**chun óg-orgánaigh mhuirí a chosaint agus**
**Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 ón gComhairle lena mbunaítear**
**bearta teicniúla idirthréimhseacha ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 84, 17.3.2011, lch. 47.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ....

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Déantar foráil le Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 ón gComhairle[1] maidir le bearta teicniúla sealadacha a bhí cumhdaithe roimhe sin le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 43/2009 ón gComhairle[2] a choimeád i bhfeidhm, rud a fhágfaidh go leanann na bearta sin d'fheidhm a bheith acu go dtí tráth glactha beart buan.

(2) I bhfianaise an athchóirithe atá le teacht ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI) agus i bhfianaise ábharthacht an athchóirithe sin maidir le hinneachar agus raon feidhme na mbeart nua teicniúil buan, is iomchuí glacadh na mbeart sin a mhoilliú go dtí go mbeidh creat nua reachtach ann.

(3) Chun caomhnú agus bainistiú cuí acmhainní muirí a choimeád ar bun, agus ós rud é gur féidir a bheith ag súil leis le réasún go mbeidh feidhm ag creat nua reachtach amhail ón 1 Eanáir 2013, ba cheart go leanfadh na bearta teicniúla atá i bhfeidhm faoi láthair d'fheidhm a bheith acu go dtí an dáta sin.

---

1 IO L 347, 24.12.2009, lch. 6.

2 Rialachán (CE) Uimh. 43/2009 ón gComhairle an 16 Eanáir 2009 lena socraítear na deiseanna iascaireachta agus na coinníollacha gaolmhara i leith stoc áirithe éisc agus i leith grúpaí stoc éisc don bhliain 2009, ar nithe iad sin a mbeidh feidhm acu in uiscí an Chomhphobail agus, maidir le soithí Comhphobail, in uiscí ina bhfuil gá le teorainneacha ar ghabhálacha (IO L 22, 26.1.2009, lch. 1).

(4) Dá thoradh sin, ós rud é go scoirfidh na bearta teicniúla sealadacha atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 d'fheidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2011, ba cheart an Rialachán sin a leasú chun bailíocht na mbeart sin a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2012.

(5) Rinneadh na cuótaí iascaireachta le haghaidh Torcéisc (Caproidae) a bhunú den chéad uair faoi Rialachán (AE) Uimh. 57/2011 ón gComhairle[1]. Is iomchuí, dá bhrí sin, a shoiléiriú gur féidir spriociascaireacht a dhéanamh ar thorciasc agus líonta tarraingthe ag a bhfuil méid mogaill sa réimse 32 milliméadar go 54 milliméadar á n-úsáid. Dá thoradh sin, ba cheart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle[2] a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 57/2011 ón gComhairle an 18 Eanáir 2011 lena socraítear na deiseanna iascaireachta agus na coinníollacha gaolmhara i leith stoc áirithe éisc agus i leith grúpaí stoc éisc don bhliain 2011, ar nithe iad sin a mbeidh feidhm acu in uiscí an AE agus, maidir le soithí AE, in uiscí áirithe neamh-AE (IO L 24, 27.1.2011, lch. 1).

[2] IO L 125, 27.4.1998, lch.1.

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98 leis seo mar a leanas:

1. In Iarscríbhinn I, sa tábla, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

   "Torciasc (Caproidae)", lena ngabhann réimse méide mogaill 32 mm go 54 mm agus céatadán íosta 90/60 den spriocspeiceas.

2. In Iarscríbhinn II, sa tábla, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

   "Torciasc (Caproidae)", lena ngabhann réimse méide mogaill 32 mm go 54 mm agus céatadán íosta 90 % den spriocspeiceas.

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 leis seo mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

   (a) i mír 1, cuirtear na focail "an 31 Nollaig 2012" in ionad na bhfocal "an 30 Meitheamh 2011";

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

– i bpointe (i), scriostar na focail "sa dara mír de phointe 6.8";

– i bpointe (ii), cuirtear na focail "ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2012" in ionad na bhfocal "ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011";

– i bpointe (iv), cuirtear na focail "an 31 Nollaig 2012" in ionad na bhfocal "an 30 Meitheamh 2011";

– i bpointe (v), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann réamhthuarascáil ar mhéid iomlán ghabhálacha éisc na soithí atá faoi réir an chláir breathnadóireachta, agus ar an méid iomlán a chaitear thar bord ó na soithí sin, a thíolacadh don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa bhliain ina gcuirtear an clár chun feidhme. Déanfar tuarascáil chríochnaitheach na bliana féilire lena mbaineann a thíolacadh tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra sa bhliain tar éis na bliana féilire sin.";

– cuirtear an pointe (vi) seo a leanas léi:

"(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír de phointe 6.8:

"Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann torthaí na dtrialacha agus na dturgnamh a thíolacadh don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair sa bhliain ina ndéantar na trialacha agus na turgnaimh sin.";

(ii) i bpointe (e), scriostar na focail "sa bhliain 2010 agus sa bhliain 2011 araon";

(iii) i bpointe (h), scriostar an bhliain "2010".

2. In Airteagal 2, cuirtear na focail "an 31 Nollaig 2012" in ionad na bhfocal "an 30 Meitheamh 2011".

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |